CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 8/25**
**Lucsamburg, 28 Eanáir 2025**

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-253/23 | ASG 2

# Cúiteamh i leith na díobhála arna déanamh le cairtéal: is insáraithe dlí an Aontais trí reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear cosc le comhchaingean le haghaidh aisghabhála

*Is amhlaidh atá i gcás nach bhforáiltear leis an dlí náisiúnta d'aon chomhmhodh eile tughta le chéile éileamh aonair na ndaoine a ndearnadh díobháil dóibh trí chairtéal agus i gcás inar léir go bhfuil sé do-dhéanta nó ró-dheacair caingean aonair i leith damáistí aonair a thionscnamh*

Ceadaítear le dlí an Aontais d'aon duine cúiteamh a éileamh i leith na díobhála arna baint dó le sárú ar dhlí na hiomaíochta. Is faoi gach Ballstát atá sé na nósanna imeachta um fheidhmiú an chirt sin a shocrú in urraim, go háirithe, do phrionsabal na héifeachtachta. D'fhéadfaí cur ó éifeachtacht dhlí an Aontais trí chosc a chur ar chomhchaingean le haghaidh aisghabhála arna tionscnamh ag soláthróir seirbhísí dlí ar bhonn cearta chun cúitimh arna sannadh dó ag líon mór daoine a ndearnadh díobháil dóibh. Is amhlaidh atá i gcás nach gcuirtear ar fáil leis an dlí náisiúnta aon chomhmhodh eile tughta le chéile éileamh aonair na ndaoine a ndearnadh díobháil dóibh trí chairtéal agus i gcás inar léir go bhfuil sé do-dhéanta nó ró-dheacair an ceart sin chun cúitimh a éileamh.

Maíonn lucht 32 muilte atá bunaithe sa Ghearmáin, sa Bheilg agus i Lucsamburg go bhfuil damáiste bainte dóibh de dheasca cairtéal trínar chuir Stát na Réine Thuaidh-Viostfáile (an Ghearmáin) praghsanna iomarcacha i bhfeidhm, ón 28 Meitheamh 2005 go dtí an 30 Meitheamh 2019 ar a laghad ar bith, maidir le lomáin chruinne ón Stát sin a dhíol leis na muilte sin.

Sannadh ag gach ceann de na muilte sábhadóireachta a cheart chun cúitimh i leith na díobhála don chuideachta ASG 2. Mar 'sholáthróir seirbhísí dlí', de réir bhrí dhlí na Gearmáine, thug an chuideachta sin comhchaingean i leith damáistí i gcoinne an Stáit os comhair na cúirte de chuid na Gearmáine. Gníomhaíonn sí ní amháin thar a ceann féin agus ar a costais féin, ach thar ceann lucht na muilte ar tháillí i gcás ina n-éiríonn leis chomh maith.

Cuireann an Stát *locus standi* ASG 2 faoi chonspóid. Áitíonn sé nach n-údaraítear don soláthróir sin trí reachtaíocht na Gearmáine, arna léiriú ag cúirteanna náisiúnta áirithe, [1] comhchaingean le haghaidh aisghabhála a thionscnamh i gcomhthéacs sárú ar dhlí na hiomaíochta.

De réir na cúirte de chuid na Gearmáine, is í an chomhchaingean le haghaidh aisghabhála an t-aon chomhshásra nós imeachta sa Ghearmáin trínarb amhlaidh gurb infhorfheidhmithe an ceart chun cúitimh i gcásanna cairtéil. Dá bhrí sin, fiafraíonn an chúirt sin den Chúirt Bhreithiúnais an gcuirtear cosc le dlí an Aontais [2] ar léiriú ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir a thoirmisctear an chineáil sin caingne ar dhaoine a ndearnadh díobháil dóibh tríd an gcairtéal.

Tugann an Chúirt chun cuimhne **go bhfuil sé de cheart de réir dhlí an Aontais ag gach duine a ndearnadh dóibh trí shárú ar dhlí na hiomaíochta lánchúiteamh a iarraidh ina leith**. Is intugtha caingean i leith damáistí go díreach ag an duine a bhfuil an ceart sin aige nó ag tríú páirtí ar sannadh an ceart sin dó.

Ní rialaítear le dlí an Aontais, áfach, na nósanna imeachta um fheidhmiú an chirt chun cúiteamh a fháil i leith

díobháil arna baint trí shárú ar dhllí na hiomaíochta. Dá bhrí sin, **is faoi gach Ballstát atá sé iad a shocrú in urraim, go háirithe, do phrionsabal na héifeachtachta**.

Sa chás seo, **ceanglaítear ar an gcúirt de chuid na Gearmáine a fhíorú an gcomhlíontar an ceanglas maidir le héifeachtacht le léiriú ar an dlí náisiúnta ar dá réir a chuirfí cosc ar aisghabháil na díobhála arna baint ag cairtéal tríd an gcomhchaingean i gceist.** Ba cheart don chúirt de chuid na Gearmáine a chinneadh gur sáraíodh dlí an Aontais i gcás i) nach gcuirtear ar fáil le dlí na Gearmáine aon chomhmhodh eile le cur i bhfeidhm éifeachtach an chirt sin chun cúitimh a áirithiú agus ii) gur dodhéanta nó ródheacair ag caingean ar leith an ceart sin a fheidhmiú agus go gcuirtear ó chosaint dlí éifeachtach léi.

I gcás den sórt sin, ní mór di féachaint le léiriú a dhéanamh ar na forálacha náisiúnta mar atá i gcomhréir le dlí an Aontais. I gcás inar léir nach féidir léiriú comhlíontach, **ba cheart don chúirt de chuid na Gearmáine na forálacha náisiúnta a fhágáil ó fheidhm lena gcuirtear cosc ar chomhchaingean le haghaidh aisghabháil na n-éileamh aonair ar chúiteamh** i gceist.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Cheadaigh Cúirt Bhreithiúnais Chónaidhme na Gearmáine an chomhchaingean le haghaidh aisghabhála i réimsí éagsúla dlí, go háirithe i ndlí na tionóntachta agus le haghaidh iarratais de bhun cearta aerphaisinéirí. Ní raibh deis fós, áfach, ag an gcúirt sin a tuairim a thabhairt ar an sain-chomhthéacs maidir le cúiteamh na díobhála arna baint trí chairtéal. Os a choinne sin, ní cheadaíonn íoschúirteanna áirithe a leithéid de chaingean.

[2] Airteagal 101 TFUE agus Treoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le rialacha áirithe lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta as sáruithe ar fhorálacha dlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh.